Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0376(COD)**

**14434/23**
**ADD 5**

**CONSOM 373**
**MI 877**
**JUSTCIV 152**
**COMPET 1016**
**DIGIT 228**
**CODEC 1939**
**IA 264**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2023) 337 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN<br>ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, mar aon le Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 337 final.

---

Faoi iamh: SWD(2023) 337 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2023
SWD(2023) 337 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

*a ghabhann leis an doiciméad*

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Treoir 2013/11/AE maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí, mar aon le Treoracha (AE) 2015/2302, (AE) 2019/2161 agus (AE) 2020/1828**

{COM(2023) 649 final} - {SEC(2023) 347 final} - {SWD(2023) 334 final} - {SWD(2023) 335 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóidí ar dhíospóidí tomhaltóirí |
| **A. An gá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Is é is aidhm don tionscnamh seo aghaidh a thabhairt ar **thrí fhadhb uileghabhálacha** a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais: (1) Níl an Treoir RMD oiriúnach do mhargaí digiteacha, (2) Tá rannpháirtíocht íseal in RMD ann i measc gnólachtaí agus tomhaltóirí, (3) Ní bhaintear úsáid leordhóthanach as RMD i gcomhthéacs trasteorann.<br><br>Tá na **cúiseanna** atá leis na fadhbanna sin roinnte in dhá ghrúpa: '**Mórthreochtaí agus cúiseanna a bhaineann leis an margadh**' agus '**cúiseanna a bhaineann le forfheidhmiú**'.<br>Cumhdaíonn an chéad ghrúpa: fás tapa agus méadú ar chomhchruinniú na ríomhthráchtála agus na fógraíochta ar líne, méadú ar shiopadóireacht trasteorann, lena n-áirítear le trádálaithe atá lonnaithe lasmuigh den Aontas, díospóidí tomhaltóirí i margaí digiteacha a théann thar shaincheisteanna conarthacha, ráta neamhchomhlíontachta mór i ndáil le dlí tomhaltóirí an Aontais.<br>Cumhdaíonn an dara grúpa: bacainní rochtana ar RMD (easpa feasachta agus costais nósanna imeachta) agus an úsáid mhéadaithe atá á baint as córais réiteach díospóidí príobháideach ar líne arna n-oibriú ag margaí ar líne.<br><br>**Toradh** na bhfadhbanna sin do **thomhaltóirí**, is fiú EUR 383 milliún san iomlán an dochar bliantúil sin. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh?** |
| Is é **cuspóir ginearálta** na hidirghabhála seo feidhmiú cuí an mhargaidh aonair a áirithiú agus ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach trína chur ar a gcumas do thomhaltóirí agus do thrádálaithe a ndíospóidí a réiteach ar bhealach éifeachtúil éifeachtach, beag beann ar a dtír chónaithe nó bhunaithe.<br><br>Féachfar leis an tionscnamh seo leis na **trí chuspóir shonracha** seo a leanas: (1) RMD a chur in oiriúint do mhargaí digiteacha; (2) rannpháirtíocht tomhaltóirí agus trádálaithe in RMD a fheabhsú; (3) feabhas a chur ar RMD trasteorann. |
| **Bíonn dearadh, cur chun feidhme agus faireachán bheartais an Aontais Eorpaigh ag brath ar fhianaise staidrimh atá neamhchlaon, iontaofa agus ábhartha. (coimhdeacht)** |
| Cruthaíonn éabhlóid thapa na margaí digiteacha mar aon leis an méadú atá ag teacht ar shamhlacha nua gnó agus cleachtais tráchtála sraith nua dúshlán roimh thomhaltóirí a bhíonn ag siopadóireacht ar líne. Ós rud é go bhfeidhmíonn teicneolaíochtaí digiteacha gan beann ar theorainneacha, baineann teacht chun cinn cineálacha nua bagairtí le tomhaltóirí an Aontais beag beann ar a dtír chónaithe. Dá bharr sin, tá gá le freagairt thapa, chomhsheasmhach agus éifeachtach ó údaráis phoiblí, agus ba cheart go mbeadh srian lena ngníomhaíocht mar gheall ar a dteorainneacha dlínse. Mura ndéanfaidh an tAontas Eorpach beart, is dócha go mbeidh bearnaí forfheidhmiúcháin agus saobhadh ar an margadh aonair mar thoradh ar idirghabhálacha náisiúnta. |
| **B. Roghanna beartais** |

| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a bhaint amach? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| --- |
| Chun tionchair shuntasacha a bheith acu, déantar na bearta a ghrúpáil go comhleanúnach i g**ceithre rogha mhalartacha beartais** atá éagsúil ó chéile de réir chineál agus dhéine na hidirghabhála: A) Idirghabháil neamhrialála; B) leasuithe ar an nós imeachta agus ar an raon feidhme geografach; C) leasuithe substainteacha ar an raon feidhme agus roinnt oibleagáidí breise ar thrádálaithe (an rogha thosaíochta); D) Athruithe ailtireachta agus comhchuibhiú méadaithe ann dá bharr.<br>Is iad seo a leanas na bearta a mholtar faoin rogha thosaíochta: raon feidhme geografach agus ábhartha na Treorach RMD a leathnú chun aon díospóidí idir trádálaí agus tomhaltóir a chumhdach lena mbaineann sárú ar fhorálacha cosanta tomhaltóirí an Aontais; ceangal a chur ar mhargaí ar líne a sholáthraíonn seirbhísí réiteach díospóidí príobháideach ar líne caighdeáin cháilíochta a chomhlíonadh, ar caighdeáin iad a bhfuil súil ag tomhaltóirí leo ó eintitis RMD ag a bhfuil féindeimhniúchán; uirlisí nua cost-éifeachtacha maidir le comharthaíocht a chur in ionad chlár Eorpach ODR; trádálaithe a fhaigheann fógra maidir le díospóid tomhaltóirí nua ó eintiteas RMD, dualgas freagartha ar na trádálaithe sin a thabhairt isteach; cuachadh cásanna a spreagadh nuair a fhaigheann eintiteas RMD cásanna den chineál céanna; ról nua a thabhairt do Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóirí chun seirbhísí cúnaimh speisialaithe a chur ar fáil i ndáil le réiteach díospóidí malartach i ngearáin trasteorann; agus sásra a bhunú ina n-údaraítear do chomhlachais trádála, tar éis dóibh féindeimhniúchán a chur ar fáil, córais um réiteach díospóidí trasteorann a chur ar bun. |

| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?** |
| --- |
| Go ginearálta, tá páirtí leasmhara i bhfabhar feabhas a chur ar chreat RMD an Aontais agus é a chur in oiriúint do mhargaí digiteacha, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:<br>• raon feidhme geografach agus ábhartha na Treorach RMD a leathnú;<br>• rannpháirtíocht trádálaithe in RMD a mhéadú, agus forfheidhmiú torthaí RMD a áirithiú;<br>• RMD trasteorann a éascú;<br>• coimircí a thabhairt isteach do thomhaltóirí leochaileacha nach bhfuil scileanna digiteacha acu.<br><br>D'iarr roinnt páirtithe leasmhara (eagraíochtaí tomhaltóirí den chuid is mó) go mbeadh rannpháirtíocht in RMD éigeantach i gcás trádálaithe, ach tá roinnt Ballstát i gcoinne an athraithe sin, mar measann siad go bhféadfadh coinbhleachtaí a bheith ann lena rialacha bunreachtúla maidir le rochtain ar cheartas.<br>Sainaithníodh freisin gur sprioc thábhachtach don athbhreithniú é feabhas a chur ar RMD comhchoiteann. Tá an sásra sin ann cheana féin i reachtaíocht náisiúnta roinnt Ballstát, ach tá glacadh an tsásra sin teoranta go fóill. Mhol na páirtithe leasmhara don Choimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun úsáid RMD comhchoiteann a chur chun cinn. An tráth céanna, leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le cúram cur chun feidhme RMD comhchoiteann a chur ar na Ballstáit, i gcomhréir le cur chuige comhchuibhithe íosta na Treorach.<br>Ós rud é go raibh roinnt páirtithe leasmhara cúramach ar dtús maidir leis an bhféidearthacht deireadh a chur le clár ODR, phléigh an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil dóibh agus thug sé aghaidh ar na hábhair imní a bhí acu. |

| C. Tionchair na rogha tosaíochta |
|---|
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| Bealach **éifeachtach** is ea an rogha thosaíochta chun na cuspóirí sonracha a bhaint amach, agus chun bheith **éifeachtúil**, go háirithe i gcás tomhaltóirí, agus chun ardleibhéal **comhleanúnachais** a áirithiú.<br><br>San iomlán, rachadh an rogha **chun tairbhe do thomhaltóirí** i bhfoirm laghdú dochair **EUR 33 milliún in aghaidh na bliana**.<br><br>Bheadh tairbhe iomlán ann don Choimisiún freisin, agus sochar iomlán measta **EUR 500,000** in aghaidh na bliana ag baint le deireadh a chur le clár ODR.<br><br>San iomlán, rachadh an rogha seo **chun tairbhe do ghnólachtaí**, tairbhe ar fiú **EUR 634 milliún in aghaidh na bliana** é (EUR 264 mhilliún in aghaidh na bliana i gcás laghdú oibleagáidí maidir le nochtadh faisnéise agus EUR 370 milliún in aghaidh na bliana i gcás deireadh a chur le clár ODR). |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
| Dá nglacfaí an rogha thosaíochta, bheadh **costais bhreise EUR 38.6 milliún in aghaidh na bliana ar ghnólachtaí** (EUR 2.6 milliún in aghaidh na bliana de dheasca an dualgais freagartha, EUR 25 mhilliún in aghaidh na bliana ar eintitis RMD le haghaidh díospóidí breise agus EUR 11 mhilliún in aghaidh na bliana chun go mbeidh ardáin comhlíontach). |
| **Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?** |
| FBManna atá i bhformhór na ngnólachtaí, agus is iadsan a bhainfidh tairbhe as an gcoigilteas costais den chuid is mó, coigilteas a eascraíonn as deireadh a chur leis na ceanglais faisnéise reatha a bhaineann le clár ODR agus le RMD araon. Beidh tionchar dearfach ag an rogha seo ar iomaíochas FBManna an Aontais toisc gur féidir an coigilteas a úsáid chun cur le tarraingteacht a bpraghsanna agus nuálaíocht a chothú, b'fhéidir. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Ní imreofar. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Bheadh leibhéal níos fearr de chearta bunúsacha ag gnólachtaí agus ag tomhaltóirí araon trí chothroime iomaíochta a chothú agus tríd an díobháil do thomhaltóirí a laghdú. |
| **Comhréireacht?** |
| Leis an rogha thosaíochta, coinnítear an cur chuige comhchuibhithe íosta atá sa Treoir faoi láthair agus ní cheanglaítear ar na Ballstáit RMD a dhéanamh éigeantach. Baineann sé a chuspóirí sonracha amach trí bhearta nach dtéann thar a bhfuil fíor-riachtanach. Cé go leathnófar raon feidhme na Treorach chun cineálacha nua díospóidí a thagann chun cinn i margaí digiteacha a chur san áireamh, áirithítear le cineál deonach RMD nach mbeidh costais neamh-chomhréireacha ar eintitis RMD, ar Údaráis Inniúla Náisiúnta ná ar ghnólachtaí mar thoradh ar na leasuithe. Comhlíontar comhréireacht freisin maidir leis an mbeart a bhaineann le Réiteach Díospóide Príobháideach ar Líne. Trí fhoráil a dhéanamh maidir le sásraí féindeimhniúcháin do mhargaí ar líne chun a léiriú go gcloíonn a Réitigh Díospóidí Príobháideacha ar Líne le hardchaighdeáin, ní chuireann an beart ábhartha sa rogha |

| |
|---|
| thosaíochta ualach iomarcach ar na trádálaithe sin. Tá coinne leis go méadóidh an dualgas freagartha rannpháirtíocht gnólachtaí in RMD. Beidh roinnt costas ar ghnólachtaí i gceist leis an mbeart seo, ach déanfar na costais sin a fhritháireamh trí dheireadh a chur leis na hoibleagáidí maidir le nochtadh do na gnólachtaí sin nach bhfuil sé ar intinn acu páirt a ghlacadh in ODR ná nach bhfuil sé d'oibleagáid orthu a bheith rannpháirteach ann. Ar deireadh, ní chuirfear feabhas ar RMD trasteorann ach amháin trí ról sonrach nua a thabhairt do na Lárionaid Eorpacha do Thomhaltóir atá ann cheana agus trí ligean do chomhlachas trádála córais um réiteach díospóidí trasteorann a chur ar bun. |
| **D. Bearta leantacha** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Má ghlactar é, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an bheartais a roghnófar, tar éis a ghlactha. Sainaithníodh liosta de phríomhtháscairí dul chun cinn i gcomhréir le cuspóirí na gníomhaíochta beartais. Féadfaidh na táscairí sin a bheith mar bhonn lena meastóireacht, chomh maith le spriocanna a d'fhéadfaí a bhaint amach seacht mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach athbhreithnithe. |